

## **N22BBm**

### **Nuashonrú ar Fhorbairt Bhóthar an N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha.**

Mar eolas:

Osclaíodh an dara cuid de bhóthar nua an N22 do thrácht ghinearálta ag 11.00 am Dé hAoine 11 Lúnasa agus tá sé ag feidhmiú go maith go dtí seo. Is féidir le trácht anois taisteal idir Cúil Chomhair agus Tonn Láin, Baile Mhic Íre gan bhriseadh, ar an mbóthar nua.

Beidh trácht ag druidim le Tonn Láin faoi réir teorainneacha luais, cúngú carrbhealaigh agus rialú comharthaí tráchta. Tá monatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht an acomhail ag Tonn Láin d'fhonn moilleanna a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Iarrtar ar úsáideoirí bóthar a úsáideann bóthar nua an N22 a bheith cúramach ar an slí isteach go Tonn Láin, taisteal go mall agus a bheith ag súil le scuainí tráchta le linn tréimhsí gnóthacha.

Tá úsáideoirí bóthar a bhíonn ag druidim le Tonn Láin ó Bhaile Mhic Íre san iarthar á mbainistiú chomh maith ag comharthaí tráchta agus ní mór dóibh taisteal go cúramach agus iad ag druidim leis an timpeallán agus leis an acomhal. Arís, is féidir a bheith ag súil le scuainí tráchta le linn tréimhsí gnóthacha.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le húsáideoirí bóthar as a bhfoighne agus as a gcomhoibriú leis na hoibreacha agus a dhearbhu dóibh go bhfuil gach iarracht á déanamh na hoibreacha seo a chur chun cinn chomh mear agus is féidir.

Jons Civil Engineering-John Cradock JV

Bóthar Shráid an Mhuilinn

Maigh Chromtha